Foirm VRTER2

Éileamh ar Aisíocaíocht i leith Cáin Cláraithe Feithiclí ag Duine Príobháideach le haghaidh feithiclí a bhaintear go buan nó a easpórtáiltear go buan ón Stát

- Níor chóir an Fhoirm Éilimh seo a chomhlánú ach amháin sa chás go ndearna an SNTC scrúdú ar an bhfeithicil agus:
  - Gur baineadh an fheithicil go Ballstát eile de chuid an AE agus athcláraíodh ansin í, NÓ
  - Gur easpórtáladh go buan í ón AE.
- Tabhair do d'aire, ní mór an fheithicil a bhaint ón Stát taobh istigh de 30 lá ó Scrúdú Easpórtála an SNTC. **Tabhair do d'aire nach mbaineann an teorainn ama 30 lá ach le haistriú na feithicle ón Stát, seachas le héilimh a thíolacadh.**
- Ba chóir duit foirm VRTER1 nó VRTER1A a úsáid de réir mar is cuí más gnó thú (Trádálaithe Údaraithe san áireamh).
- Tá sé ríthábhachtach gur féidir linn sonraí na feithicle a aithint go soiléir. Ba chóir duit an fhoirm a chomhlánú trí na sonraí a **chlóscríobh**.
- Nuair a bheidh sé comhlánaithe, bí cinnte é a phriontáil, a shíniú agus an dáta a chur leis.
- Ba chóir an fhoirm éilimh seo, chomh maith leis na doiciméid tacaíochta, a sheoladh trí M'Fhiosruithe chuig an Lároifig Aisíocaíochtaí nó tríd an bpost chuig:

  Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An Lároifig Aisíocaíochtaí, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis Luimneach, V94 R972

RPC018613_GA_WB_L_1

Sonraí na Feithicle (* réimse riachtanach)			Is Príomhaitheantóir é an UAF - tá sé riachtanach go gcuirtear isteach i gceart é agus go bhfuil sé inaitheanta go soiléir ar cheann amháin ar a laghad de na doiciméid tacaíochta a chuirtear isteach.
Uimhir Cláraithe Feithiclí Éireannach *	Déanamh *	Múnla *	
UAF (Uimhir Aitheantais Feithicle nó Uimhir an Fhonnaidh.) *			
Sonraí an Éilitheora (* réimse riachtanach)			• Ainm agus Seoladh an Éilitheora. • I gcásanna go bhfuil aisíocaíocht dlite, déanfar í leis an té a luaitear ag tráth an scrúdaithe ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe. (Alt 135D(5), den Acht Airgeadais, 1992, arna leasú). • Cuir isteach do "UPSP" nó, sa chás go bhfuil tú cláraithe, d'Uimhir CBL. • Cuir isteach do Chineál Cánach, e.g. "ÍMAT", "CBL", "Cáin Ioncaim" srl.
Céadainm *	Sloinne *		
Seoladh Iomlán *			
Uimhir Teagmhála Fóin *	Seoladh Ríomhphoist *		
Uimhir Chustaiméara leis na Coimisinéirí Ioncaim *		An Cineál Cánach (ÍMAT srl.) *	
Sonraí i leith Baint nó Easpórtáil (* réimse riachtanach)			Ní mór duit Dearbhú um Scrúdú Easpórtála Feithicle an SNTC agus Díolúine um Scrúdú Easpórtála Feithicle an SNTC a chur san áireamh.
Dáta Scrúdaithe Easpórtála an SNTC * LL/MM/BBBB	An tír ar baineadh / ar easpórtáladh an fheithicil chuici *	Dáta Aistrithe * LL/MM/BBBB	
AE AMHÁIN: Sonraí Cláraithe Nua			Ná comhlánaigh ach amháin sa chás gur aistríodh an fheithicil go Ballstát eile de chuid an AE agus gur cláraíodh ansin í.
Uimhir Chlárúcháin Nua an AE.	Tír Chlárúcháin an AE	Doiciméid tacaíochta	
LASMUIGH DEN AE AMHÁIN : Feithicil easpórtáilte lasmuigh den AE			Ná comhlánaigh ach amháin sa chás gur easpórtáladh an fheithicil chuig tír lasmuigh den AE.
Doiciméid Tacaíochta	Uimhir Chláraithe Nua (má tá sé ar fáil)		

Féach lastall le haghaidh tuilleadh eolais ar Dhoiciméid Tacaíochta

DEARBHÚ

- Dearbhaím gur cuireadh na feithiclí seo ar fáil chuig Ionad SNTC le haghaidh Scrúdú Aisíocaíochta Easpórtála agus gur baineadh iad ón Stát taobh istigh de 30 lá ón scrúdú seo.
- Dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir eile ceart agus fíor ar feadh m'eolais.
- Tuigim, i gcásanna go bhfuil aisíocaíocht dlite, go déanfar í leis an té a luaitear ag tráth an scrúdaithe ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe. (Alt 135D(5), den Acht Airgeadais, 1992, arna leasú).

Ainm (i mBloclitreacha): .....

Sínithe: ..... Dáta: .....

Coir atá ann dearbhú bréagach a thabhairt chun críocha aisíocaíocht chánach a fháil

Sonraí Bainc

Cód Aitheantais Bainc (BIC) (má bhaineann) (Uasmhéid 11 charachtar)

Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) (Uasmhéid 34 carachtar)

Ainm Shealbhóir an Chuntais

Doiciméid Tacaíochta

- Ní mór an fheithicil a bhaint ón Stát taobh istigh de 30 lá ó scrúdú easpórtála an SNTC. Ceadaítear na doiciméid seo a leanas mar chruthúnas ar aistriú buan ón Stát: Sonraí loingseoireachta, Sonraisc díolacháin, Bille Luchta, Sonraisc Tráchtála. Ba chóir go léireoidh na doiciméid UAF na bhfeithiclí, an cineál tíolacais, an áit, agus an dáta imeachta. **Tabhair do d'aire nach mbaineann an teorainn ama 30 lá ach le haistriú na feithicle ón Stát, seachas le héilimh a thíolacadh. Níor chóir éilimh a chur ar aghaidh chuig an An Lároifig Aisíocaíochtaí ach amháin nuair a fhaightear na doiciméid chuí.**

- **Ní mór duit Dearbhú um Scrúdú Easpórtála Feithicle an SNTC agus Díolúine um Scrúdú Easpórtála Feithicle an SNTC a chur san áireamh.**

- I gcás feithiclí a bhaintear den Stát agus a athchláraíodh iad i mBallstát eile, cuir cóip den Deimhniú Clárúcháin Feithicle agus aon doiciméid oifigiúla eile a fhaightear ó thír an athchlárúcháin san áireamh le do thoil. Ceadaítear cóipeanna.

- I gcás feithiclí a easpórtáiltear ón Stát, ní mór duit cruthúnas doiciméadach gur shroich an fheithicil/na feithiclí a ceann scríbe deiridh lasmuigh den AE a chur san áireamh. Bí cinnte aon doiciméid oifigiúla a thaispeánann an UAF agus an dáta teachta ó údaráis na tíre seo a chur san áireamh, lena ndeimhnítear gur shroich an fheithicil a ceann scríbe deiridh lasmuigh den AE. **Ba cheart go n-áireofaí sa chineál cruthúnais dhoiciméadach atá ag teastáil an Dearbhú Easpórtála a thaispeánann gluaiseacht na Feithicle lasmuigh den AE agus an Dearbhú Iompórtála a thaispeánann an fheithicil ag teacht isteach sa tír ceann scríbe. Tá an fhreagracht ort an cruthúnas riachtanach ar bhaint na feithicle ón AE a chur san áireamh.** I gcás feithiclí a easpórtáiltear go dtí an Bhreatain Mhór, is sampla é cóip den V5C de chruthúnas doiciméadach ar easpórtáil bhuan na feithicle ón AE.

- **Tá an fhreagracht ortsa a chruthú go gcomhlíonann tú riachtanais na Scéime.**
  Féach **https://www.revenue.ie/ga/importing-vehicles-duty-free-allowances/guide-to-vrt/export-repayment-scheme/index.aspx**. Mura gcuirtear na doiciméid riachtanacha ar fáil, ní fhéadtar Aisíocaíocht CCF a cheadú.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs